Tá cláir na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnta ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonad teagaisc agus foghlama gach Modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS).

Tá luach creidiúna comhiomlán leagtha síos do chlár de réir an Leibhéal Staidéir mar atá socraite i gCreateoire Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) in Éirinn. Tá Tortháí Foghlama leagtha síos do gach modúl agus don chlár ina ionmlán. **Cur Síos agus Ualú na Modúl**

### **3. Cur Síos na Modúl**

Beidh **Sonraíochtaí Modúil** sonraithe i **dTaisce Modúl** lárnach (nó córas “Bainisteoir Modúl”) na hOllscoile agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, ach féadfar iad a thabhairt ina n-iolraithe slána 5 ECTS sa chás go n-éilítear aonaid léinn níos mó de réir deachleachtais acadúil.**

Bronnfar creidmheas ar mhic léinn a bhaineann 40% amach i modúl (féach ar na forálacha a bhaineann le cúiteamh ag 5.5 thíos).

### **4. Socruithe Measúnuithe agus Scrúduithe Foirmiúla**

Bíonn scrúduithe na hOllscoile ar Chláir Teagaisc Iarchéime ar siúl go hiondúil

- Deireadh an Chéad Seimeastair
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Lúnasa, i gcás cláir a mhaireann 3 sheimeastar agus a chríochnaíonn i mí Lúnasa
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Má theastaíonn scrúduithe taobh amuigh de na hamanna seo caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Reáchtálfar athscrúduithe do gach clár agus modúl ach amháin má fhaightear faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla roimh ré gan athscrúdúithe a reáchtáil. Beidh na hathscrúduithe do mhodúil Sheimeastar 1 agus 2 ar siúl i mí Lúnasa. Ní bheidh na hathscrúduithe do mhodúil a scrúdaíodh i mí Lúnasa ar siúl go dtí an Lúnasa ina dhiaidh sin.

Cuirtear roinnt Máistreacht Teagaisc Iarchéime, Dioplóma Iarchéime, Ard-Dioplóma, Dioplóma Gairmiúil agus Teastas Iarchéime (Lánaimseartha agus Páirtaimseartha) ar fáil thar thrí sheimeastar, ag críochnú i mí Lúnasa, agus beidh riachtanais i ndáil le gach clár chun ábhar a chur isteach le scrúdú i mí Lúnasa nó Meán Fómhair.

Féadfar modúil a mheas le meascán ar bith de scrúduithe foirmiúla, miontráctas, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cuir i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair shaotharlainne nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riarthá ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huaire an chloig (nó níos faide) a reáchtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo.

## 5. Teorainn ama chun Cláir a chur i gCrích

Leagfaidh Coláistí amach i Rialacháin na gClár na teorainn ama ina gcaithfear Máistreacht Teagaisc Iarchéime, Dioplóma Iarchéime, Ard-Dioplóma, Dioplóma Gairmiúil agus Teastas Iarchéime (Lánaimseartha agus Páirtaimseartha) a chur i gcrích. Tiocfaidh deireadh leis an gcreidiúint do mhodúil áirithe ag deireadh na teorann ama mura ndéanfaidh an Coláiste foráil dá mhalaírt.

## 6. Pas agus Dul ar Aghaidh

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan nó an Leas-Déan cuí a bhíonn ina C(h)athaoirleach acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí a bhíonn ar an mBord. Caithfidh cíntí a bheith faofa ag an mBord Scrúdaithe chun aitheantas foirmiúil a fháil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile – maidir le Pas, Dul ar Aghaidh, Onóracha agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

**Reáchtálfar Boird Scrúdaithe nuair a chríochnófar clár agus ag deireadh gach bliana.** Cinnfidh an Bord Scrúdaithe ag deireadh an chláir an toradh foriomlán agus déanfaidh sé iarratas ar fhorálacha cúitimh. Cinnfidh an Bord Scrúdathe ag deireadh na bliana an mbeidh mac léinn incháilithe le dul ar aghaidh chuig an gcéad bliain eile den chlár.

### 6.1. Dul ar aghaidh

Má mhaireann clár teagaisc níos faide ná bliain caithfidh bliain a bheith curtha i gcrích go sásúil ag mac léinn sula bhféadfaidh sé/sí clárú don bliain dar gcionn.

### 6.2. Pas

**40% an marc pas ar gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d’Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(ithe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.**

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

### 6.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% ar a laghad amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil (féach cuid 5 thuas).

### 6.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. sub-module assessment elements) a

rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

### **6.5. Cúiteamh maidir le Cláir Bhliana**

Ní chuirfear cúiteamh i bhfeidhm ach i gcásanna ina gceadófar don mhac léinn an clár a chríochnú go rathúil ar an iomlán.

40% an marc pas ar gach modúl. Measfar, áfach, go bhfuil pas bainte amach ag mac léinn a bhfuil níos lú ná 40% aige/aici i modúl amháin nó níos mó más rud é

- gurb é 40% ar a laghad an marc comhiomlán do gach modúl **agus**
- gurb é 35% nó os a chionn an marc i ngach modúl **agus**
- an modúl/na modúil nach bhfuil na marcanna sa réimse 35-39% san iomlán
  1. níos mó ná 5 ECTS i gcás cláir le hualú ECTS 30 – 55
  2. agus nach bhfuil níos mó ná 10 ECTS i gcás na gclár a bhfuil ualú ECTS acu sa réimse 60 - 85
  3. agus nach bhfuil níos mó ná 15 ECTS i gcás cláir le hualú ECTS 90 nó os a chionn.

Tabhair faoi deara: ní bheidh cúiteamh i gceist i gcás na gclár a bhfuil ualú ECTS níos lú ná 30 leo.

Má dhéantar marcanna a thabhairt ar aghaidh ní dhéantar neamhbhailí an cumas le cúiteamh a chur i bhfeidhm.

Nuair atá pas bainte amach i modúl le cúiteamh, beidh marc an mhodúil le feiceáil ar na trasscríbhinní agus Pass le Cúiteamh mar ghrád.

I roinnt clár, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead Cúiteamh a thabhairt i gcroímhodúil nó i modúil éigeantacha nó grúpaí modúl, mar dá ndéanfaí a leithéid d'fhéadfaí an bonn a bhaint de thorthaí foghlama an Chláir. Beidh na rialacháin shonracha seo leagtha amach i Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir an Choláiste do na cláir léinn chuí.

### **6.6 Cúiteamh maidir le Cláir a mhairfidh níos faide ná Bliain agus an LLB páirtaimseartha.**

I gcás cláir a mhaireann níos faide ná bliain amháin cuirfear cúiteamh i bhfeidhm má chomhlíontar na critéir seo a leanas.

40% an marc pas ar gach modúl. Measfar, áfach, go bhfuil pas bainte amach ag mac léinn sa tréimhse (bliain) den chlár más rud é go bhfuil níos lú ná 40% aige/aici i modúl amháin nó níos mó más rud é

- gurb é 40% ar a laghad an marc comhiomlán do gach modúl **agus**
- gurb é 35% nó os a chionn an marc i ngach modúl **agus**
- an modúl/na modúil nach bhfuil na marcanna sa réimse 35-39% san iomlán
  1. gan a bheith níos mó ná 5 ECTS i gcás cláir le hualú ECTS 30 – 55 don tréimhse (bliain).
  2. agus nach bhfuil níos mó ná 10 ECTS i gcás na gclár a bhfuil ualú ECTS acu sa réimse 60 - 85 don tréimhse (bliain).

Ní chuirtear cúiteamh i bhfeidhm ach nuair atá an marc iomlán á ríomh ar chríochnú na tréimhse (na bliana). Más rud é, ag Bord Scrúdaithe dheireadh na bliana (Meitheamh) don chéad suí de thorthaí na scrúduithe (i.e. scrúduithe Sheimeastar 1 agus Sheimeastar 2), go bhfuil marcanna sa réimse 35-39% ag mac léinn sa bhrefis ar an gcúiteamh ECTS a cheadaítear ECTS don tréimhse (bliain) sin den chláir, mar a mhínítear i bpointí 1-2 thuas, caithfidh sé/sí gach modúl ar mharc níos ísle ná 40% a athshuí ag an dara suí de na scrúduithe (i.e. athscrúduithe mhí Lúnasa).

I roinnt clár, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead Cúiteamh a thabhairt i gcroímhodúil nó i modúil éigeantacha nó grúpaí modúl, mar dá ndéanfaí a leithéid d'fhéadfaí an bonn a bhaint de thorthaí foghlama an Chláir. Beidh na rialacháin shonracha seo leagtha amach i Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir an Choláiste do na cláir léinn chuí.

## 7.1 Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú

Le héifeacht ón m bliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 40%, an t-uasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

Tá eisceacht amháin i gcás roinnt de na modúil ar chláir Scoil an Altranais is é an marc is airde a bhronnfar ná 50%, is é sin an marc chun pas a fháil sna modúil ar na cláir sin. Tá eolas faoi na modúil sin ar fáil ó Scoil an Altranais.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighe an scrúdú a chur siar, féach Cuid 9 den cháiipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## 8. Onóracha a Bhronnadh

Ríomhtar onóracha ar chríochnú an chláir de réir na scéime seo a leanas.

- |      |                |                     |
|------|----------------|---------------------|
| H1   | comhiomlán 70% | H2.1 comhiomlán 60% |
| H2.2 | comhiomlán 50% |                     |
| H3   | comhiomlán 40% |                     |

Nóta (1): Bronntar onóracha ar an gcaoi a n-éiríonn leis an mac léinn ar an iomlán sa Scrúdú ina iomláine. Ní bronntar onóracha ar na torthaí a fhaightear i modúil ar leith.

Nóta (2): Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

## 9. Modúl a chur siar

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile atá i bhfeidhm maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 10. Athscríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrascríbhinní na mac léinn. Beidh Caighdeán Onórácha na Céime a thuairisceofar bunaithe ar na bandaí gráid ag 6 thusa. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Pas
- Pas trí Chúiteamh
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh
- Teip

## 11. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlaicfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lámhaltas ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonrach, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lámhaltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

## Marcanna & Caighdeán do gach Clár Iarchéime Taighde

### 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin ghinearálta seo le gach clár taighde iarchéime san Ollscoil. **Caithfidh** gach clár taighde iarchéime **cloí** leis na rialacháin seo mura bhforáiltear a mhalairt mar a leagtar amach faoi mhír 10 thíos. Ní mór do mhic léinn féachaint ar rialacháin agus riachtanais chláir iarchéime taighde an Choláiste atá i gceist agus ar Threoirlínne na hOllscoile do Chéimeanna Taighde.

Tá na rialacháin seo faofa ag Comhairle Acadúil na hOllscoile agus rialaithe agus leasaithe ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla, i ndiaidh dóibh a bheith réamh-mheasta ag Coiste na Rialachán Acadúil. Tá an tUachtaráin Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach), an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla, Déin na gColáistí, ionadaí eile ó gach Coláiste, an Déan Staidéir Iarchéime, agus Stiúrthóir an Ionaid Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh ar Choiste na Rialachán Acadúil. Beidh an fhoireann riarracháin chuí i láthair ag cruinnithe an Choiste. Tuairiscíonn an Coiste do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla.

### 2. Struchtúr an Chláir PhD

Bíonn clár PhD ar Leibhéal 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn. Maireann clár céime taighde lánaimseartha dhá bhliain de ghnáth agus maireann clár céime taighde páirtaimseartha 6 bliana de ghnáth.

Tá cáilíochtaí agus cláir na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS).

Éilítéar sa Chlár Struchtúrtha PhD **go ndéanfadh mac léinn an tráchtas taighde agus modúil ar fiú 30 ECTS\* iad arna bhfaomhadh ag Coiste Taighde Iarchéime (GRC) an mhic léinn a thabhairt chun críche agus go mbeadh toradh sásúil ar an bpróiseas scrúdaithe a bhaineann leo.** Is aonad teagaisc agus foghlama gach modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil\*\* agus tá creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir an ECTS.

Ba cheart clár na modúl a phlé le stiúrthóir an mhic léinn agus é a aontú lena GRC. De ghnáth tabharfaidh mic léinn lánaimseartha faoi na modúil sin i mblianta 1-3 dá gclár PhD. I gcúinsí eisceachtúla d'fhéadfaí cead a thabhairt do mhic léinn modúil a dhéanamh i mbliain 4, ach beannacht GRC an mhic léinn a fháil chuige sin. I gcás mic léinn pháirtaimseartha, leagfaidh an GRC amach sceideal cuí le tabhairt faoi mhodúil an chláir.

**Ní bheidh cead ag mac léinn, i gcás ar bith, an tráchtas a chur i láthair go mbeidh sé dearbhaite ag a GRC go bhfuil modúil cheadaithe ar fiú 30 ECTS san ionlán iad tugtha chun críche go sásúil aige/aici.**

\*D'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Ollscoil, tríd an gColáiste ábhartha, modúil ar fiú suas le 60 ECTS san ionlán iad a fhaomhadh, dá n-éileodh gníomhaireacht mhaoinithe nó comhlacht creidiúnaithe seachtrach a leithéid.

\*\* Féadfaidh an Ollscoil, tríd an gColáiste ábhartha, modúil in Ollscoil nó in Institiúid eile a fhaomhadh lena n-áireamh i lón ionlán ECTS modúl.

### 3. Struchtúr an Chláir Máistreachta

Bíonn cláir mháistreachta ar Leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn. Maireann clár Máistreachta lánaimseartha bliain nó dhá bhliain de ghnáth agus maireann clár Máistreachta páirtaimseartha 3 bliana de ghnáth.

Tá cáilíochtaí agus cláir na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS).

Éilítear sa **Chlár Struchtúrtha Máistreachta go ndéanfadhbh mac léinn an tráchtas taighde agus modúil ar fiú 30 ECTS\* iad arna bhfaomhadhbh ag Coiste Taighde Iarchéime (GRC) an mhic léinn a thabhairt chun críche agus go mbeadh toradh sásúil ar an bpróiseas scrúdaithe a bhaineann leo.** Is aonad teagaisc agus foghlama gach modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil\*\* agus tá creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir ECTS.

Ba cheart clár na modúl a phlé le stiúrthóir an mhic léinn agus é a aontú lena GRC.

**Ní bheidh cead ag mac léinn, i gcás ar bith, an tráchtas a chur i láthair go mbeidh sé dearbhaithe ag a GRC go bhfuil modúil cheadaithe ar fiú 30 ECTS san ionlán iad tugtha chun críche go sásúil aige/aici.**

\*D'fhéadfadh sé go ndéanfadhbh an Ollscoil, tríd an gColáiste ábhartha, modúil ar fiú suas le 45 ECTS san ionlán iad a fhaomhadhbh, dá n-éileodh gníomhaireacht mhaoinithe nó comhlacht creidiúnaithe seachtrach a leithéid.

\*\*Féadfaidh an Ollscoil, tríd an gColáiste ábhartha, modúil in Ollscoil nó in Institiúid eile a fhaomhadhbh lena n-áireamh i líon ionlán ECTS modúl.

### 4. Cur Síos agus Ualú na Modúl

Beidh Torthaí Foghlama ar leith leagtha amach do na modúil, agus beidh creidiúint ag dul leo i bhfoirm pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna. Beidh an Cur Síos ar Mhodúil sonraithe i gCóras lárnach Bainistíthe Curaclaim na hOllscoile agus beidh sé leagtha amach i Sonraíochtaí agus Rialacháin na gClár.

Beidh ualú creidiúntí 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar lániolraí de 5 ECTS a úsáid chun an t-ualú sin a léiriú más rud é go n-éilíonn cleachtas maith acadúil go mbeadh aonaid staideir níos mó ann.

### 5. Socruithe Measúnaithe agus Scrúdaithe Fhoirmiúil Modúl

Déantar modúil na gclár taighde iarchéime a mheas ar an mbonn gur bronnadh nó nár bronnadh creidiúint. Bronnfar creidiúint nuair a ghnóthaíonn an mac léinn an t-íosmharc pas a theastaíonn don mhodúl (40% de ghnáth).

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh an Chéad Seimeastair
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Athscrúduithe (ó Sheimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cuir i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach i ngach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach toradh foriomlán an mhodúil ar ais don mhac léinn. **Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d’Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear pas a fháil i ngné(ithe) de mhodúl agus nach bhfuil pas faighe sa ghné/sna gnéithe sin. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste ábhartha go mbeadh mic léinn díolmaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

Ní féidir marcanna as codanna de mhodúl (i.e. gnéithe measúnaithe fo-mhodúil) ar tugadh fúthu cheana a thabhairt ar aghaidh ó mheasúnú amháin chuig an gcéad mheasúnú eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste ábhartha díolúine a thabhairt do mhac léinn maidir le tabhairt faoi chodanna áirithe an athuair ar chuíseanna acadúla.

Sa chás gur scrídú i bhfoirm páipéar **scrúdaithe fhoirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riarthá ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrídú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar níos mó ná páipéar dhá uair an chloig amháin a reáchtáil don scrídú fóirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d’fhéadfadh dhá scrídú dhá uair an chloig a bheith i gceist le modúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana).

**Níl aon soláthar cúitimh i gceist i gcás modúil a dtugtar fúthu mar chuid de chlár taighde iarchéime.**

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile maidir le hIarratas ar Scrídú a Chur Siar.

## 6. Dul chun cinn

Is é an Bord Scrúdaithe Iarchéime an t-údarás foirmiúil maidir le dul chun cinn i ngach Coláiste. Is é an Déan a bhíonn ina Chathaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla ón gColáiste agus ó na Coláistí eile atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Ní thabharfaidh an Ollscoil aitheantas foirmiúil ach do na cinntí sin a fhaomhann an Bord Scrúduithe. Tiocfaidh Bord Scrúduithe gach Coláiste le chéile ag deireadh gach bliana acadúla agus déanfaidh siad moltaí na gCoistí Taighde Iarchéime ábhartha a mheas.

Beidh dul chun cinn bunaithe ar mholadh an GRC don Bhord Scrúduithe. Cinnfidh an Bord Scrúdaithe, maidir le gach mac léinn, ar cheart dóibh:

- Leanúint den chéim Thaighde (i.e. dul ar aghaidh chuig an mbliaín dár gcionn)
- Aistriú chuig Clár eile (*Luaigh cén Clár atá i gceist, e.g. Máistreacht*)
- An clár céime taighde a fhágáil
- Tabhair faoi deara go bhfuil an mac léinn tar éis éirí as an staidéar
- Tabhair faoi deara gur bronnadh céim thaighde.

## 7. Tráchtas Taighde Iarchéime a Scrídú

Tá na socruithe maidir le Tráchtas iarchéime taighde a scrídú leagtha amach i dTreoirlínte na

hOllscoile do Chéimeanna Taighde  
[https://www.universityofgalway.ie/media/graduatestudies/files/university\\_guidelines\\_for\\_research\\_degree\\_programmes.pdf](https://www.universityofgalway.ie/media/graduatestudies/files/university_guidelines_for_research_degree_programmes.pdf)

## 8. Céim a Bhronnadh

Tar éis dóibh tuarascáil na Scrúdaitheoirí a bhreithniú, glacann Coiste Seasta na Comhairle Acadúla ceann de na cinntí seo a leanas maidir leis an tráchtas PhD nó MD:

- PhD nó MD a bhronnadh
- PhD nó MD a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin chló (aon mhí amháin)
- PhD nó MD a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin ar an ábhar (aon mhí amháin)
- PhD nó MD a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin ar an ábhar (trí mhí)
- Cuir siar; cead tráchtas leasaithe a leagan isteach agus an dara *viva* ag teastáil (aon bhliain amháin)
- Máistreacht a bhronnadh
- Céim Mháistreachta a bhronnadh, ach ceartúcháin chló a dhéanamh • Céim Mháistreachta a bhronnadh, ach ceartúcháin a dhéanamh ar an ábhar
- Diúltú, gan aon mholadh an tráchtas a leagan isteach an athuair.

Ní bhoranntar onóracha maidir le cáilíocht PhD ná MD ná i leith na modúl a ghlaictar, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

Tar éis dóibh tuarascáil na Scrúdaitheoirí a bhreithniú, glacann Coiste Seasta na Comhairle Acadúla ceann de na cinntí seo a leanas maidir leis an tráchtas Máistreachta:

- Máistreacht a bhronnadh
- Máistreacht a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin chló nó ábhair (2 mhí)
- Cuir siar; cead tráchtas leasaithe a leagan isteach (6 mhí)
- Diúltú, gan moladh an tráchtas a leagan isteach an athuair.

Ní bhoranntar onóracha maidir le cáilíocht Máistreachta taighde ná i leith na modúl a ghlaictar, astu féin ná le chéile.

## 9. Tras-scríbhinní Céimeanna Taighde

Léireofar an méid seo a leanas ar na Trascríbhinní

- An chéim a bronnnadh
- Liosta de na modúil a glacadh agus ar bronnnadh creidiúint ina leith mar chuid den chlár – creidiúintí ECTS a bronnnadh in aghaidh an mhodúil agus an t-iomlán a bronnnadh ar mhodúil.
- Teideal an tráchtas ar ar bronnnadh an Chéim (ag brath ar fhorbairt córas).
- An dáta ar fhaomhaigh Coiste Seasta na Comhairle Acadúla an cháilíocht (ag brath ar fhorbairt córas).

## 10. Déileáil le hEisceachtaí ná Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfá a cheadú do chlár amháin ná níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na

Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is **lamháltas** ann go dtabharfadhl Coiste Seasta cead sonrach, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lamháltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.